



## Foirm Athcheapacháin um Múinteoirí Bunscoile

Níor cheart an fhoirm seo a chomhlánú **ach amháin** i gcás go raibh an múinteoir seo ag obair faoi chonradh páirtaimseartha rialta, faoi Chonradh sealadach nó faoi chonradh ar thréimhse seasta sa scoil seo nó i scoil eile sa scoilbhliain 2022/23.  
Ní mór gach mír a chomhlánú, ach amháin iad siúd d'úsáid Oifige amháin.

Ní mór do mhúinteoirí a raibh poist lonadaithe acu sa scoilbhliain 2022/23 an Fhoirm fhada Nua um Cheapachán Múinteoirí Bunscoile 2023/2024 a chomhlánú.

### Sonraí an Mhúinteora

Uimhir PSP:

Uimhir Phárolla

Céadainm:

Sloinne:

Uimhir Fóin:

Ríomhphost:

Cuir tic sa bhosca más mian leat do chomhfhreagras a fháil trí Ghaeilge

### Sonraí na Comhairle Múinteoireachta

Cuir tic sa bhosca chun a dheimhniú go bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair le haghaidh Bunmhúinteoireachta

**Mura bhfuil tú cláraithe, ní féidir leat an fhoirm seo a chomhlánú..**

Uimhir na Comhairle Múinteoireachta

Tabhair do d'aire: Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil do chlárúchán i gceart, athnuaithe in am agus coinnithe cothrom le dáta. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh leat i leith tréimse ar bith nach bhfuil tú cláraithe inti nó i gcásanna inar lig tú do do chlárúchán dul i léig.

### Sonraí Bainc

Comhlánaigh an fhoirm atá ar fáil ar líne thíos, le do thoil, má d'athraigh do shonraí bainc.

<https://www.gov.ie/en/form/48283-change-of-bank-details/>

### Athrú Seolta.

Má tá do sheoladh le haghaidh comhfhreagrais athraithe, cuir é sin in iúl do phárolla, le do thoil.

### Sonraí na Scoile

Uimhir Rolla

Ainm na Scoile

ríomhphost

Uimhir Fóin

### Sonraí Fostaíochta:

Cineál Conartha:

(e.g. Conradh Buan, Conradh Tréimhse Éiginnte, Conradh Lánaimseartha ar Théarma Seasta, Conradh Páirtaimseartha ar Théarma Seasta)

Uaireanta  Nóiméid:

An Cineál Poist

(e.g. Príomhoide, Múinteoir Ranga Príomhshrutha, Múinteoir Oideachais Speisialta, Múinteoir Sainábhair)

Dáta Tosaithe an Cheapacháin:

Dáta Deiridh: (más eol sin)

### Bunús an Phoist

Ainm an Mhúinteora/na Múinteoirí atá á (h)ionadú/n-ionadú:

Lena chinntiú go mbeidh an ceapachán seo cumraithe i gcomhair íocaíochta i mí Mheán Fómhair 2023, ní mór go mbeadh an fhoirm seo faighte agus í comhlánaithe faoin Aoine, an 7 Iúil 2023

Cuir isteach foirmeacha comhlánaithe agus **gan ach ceann amháin** de na roghanna thíos á úsáid agat agus luaigh Uimhir Rolla na Scoile ar an gcomhfhreagras go léir:

**An Post:** An Rannóg Párolla Bunmhúinteoirí, An Roinn Oideachais, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí N37 X659 Nó cuir isteach i bhformáid leictreonach iad agus an fhoirm ríomhtheagmhála atá ar fáil ar líne ag <https://dessurveys.education.gov.ie/surveys/Payroll-Qu> ery-Form in úsáid agat (formáid pdf amháin. Ní ghlacfar le grianghraif i gcás ar bith.) Gheobhaidh tú deimhniú ar ríomhphost.

**Ráiteas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí.** Is é an príomhchuspóir dá dteastaíonn na sonraí pearsanta arna soláthar agatsa ón Roinn ná chun tuarastal a íoc. Tá siad riachtanach freisin chun pinsean a íoc nuair a théann tú ar scor. Féadfár na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil a mhalartú le do scoil i leith do cheapacháin mar a éilítear le do chonradh; leis an gComhairle Mhúinteoireachta, nuair is cuí, i dtaca le stádas do chlárúcháin, leis na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir mar a éilítear leis an dlí; agus le comhlachtaí ar bith eile a bhfuil treoir tugtha agat dóibh go ndéanfaí asbhaintí saorálacha ó do phá. Chomh maith le sonraí pearsanta a bhailiú ar mhaithe le próiseáil an phárolla, d'fhéadfai roinnt sonraí pearsanta a chuireann Príomhoidí agus Phríomhoidí Tánaisteacha nuacheaptha ar fáil a roinnt leis na Seirbhísí Tacaíochta um Oideachas Múinteoirí atá maoinithe ag an Roinn ar mhaithe le pleanáil a dhéanamh agus tacaíochtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a chur ar fáil do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha. Is féidir an fógra príobháideachais ina dtugtar breac-chuntas ar thuilleadh eolais maidir leis an bhfoirm seo a fháil ag [www.education.gov.ie](http://www.education.gov.ie). Tá sonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta nó sonraí pearsanta do linbh agus ina leagtar amach faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/collection/general-data-protection-regulation-gdpr-privacy-notices/> Tá sonraí faoin mbeartas sin agus faoin bhfógra príobháideachais sin ar fáil i gcóip chrua freisin ag an seoladh thíos ach iad a iarraidh.

## Dearbhú an mhúinteora

1. Dearbhaímse, a bhfuil m'ainm thíos, go bhfuil an fhaisnéis atá taifeadta sa doiciméad seo fíor, cruinn agus iomlán. Tuigim go bhfuilim freagrach as cruinneas na faisnéise agus má dhéanamh faisnéis ar bith a cheilt d'aon ghnó go bhfuil an baol ann go gcaillfidh mé an ceapachán.

2. De réir cheanglais Chiorclán 0031/2016 um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, deimhním go bhfuil an dearbhú reachtúil maidir le cosaint leanaí curtha ar fáil agam don údarás scoile, dearbhú a rinneadh le linn na bliana féilire seo nó le linn na bliana féilire seo caite.

3. Ón dáta ar shínigh mé an dearbhú reachtúil sin, deimhním don údarás scoile nach bhfuil gné ar bith de m'iompraíocht, de mo charachtar ná de mo chúltra pearsanta, a mhéid is eol dom agus a chreidim, a rachadh chun dochair, ó thaobh cosaint leanaí de, don phost muiníne a bheadh agam i ndáil le leanaí nó le daoine soghonta de bhua mé a cheapadh i bpost teagaisc sa scoil seo.

4. Adhmaím agus tuigim go mbeidh deimhniú bréagach nó míthreorach ar bith i dtaca le m'iompar, mo charachtar nó mo chúltra pearsanta nó aon fhaillí ar mo thaobhsa maidir leis an údarás scoile a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a d'fhéadfadh cur isteach ar m'oiriúnacht ó thaobh cosaint leanaí de, ina shárú ar mo chonradh fostaíochta agus go bhféadfadh sé a bheith mar fhoras chun mé a dhífhostú ar an toirt ag an údarás scoile.

5. Is eol dom nach bhfuil sé de cheangal orm anois, ná sa todhchaí, sonraí maidir le ciontú ar bith a mheastar a bheith spíonta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016, a nochtadh, ach i gcomhréir le halt 10 den Acht sin, nach bhfuil sé sin infheidhme áfach i gcás ciontú ar bith i dtaca le cionta atá sonraithe i gCuid 1 nó i gCuid 2 de Sceideal 1 den Acht sin nó iad sin atá sonraithe i Sceideal 3 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.

6. Déanfaidh mé aon airgead nach bhfuil iníoctha i gceart liom a aisíoc leis an Aire Oideachais. Aontaím go gcloífidh mé le Beartas Ró-Íocaíochtaí na Roinne ina leith sin, faoi mar atá leagtha amach i gCiorclán 84/2015.

7. Tuigim go bhféadfadh sé 8 seachtaine a thógáil sula ndéanfar íocaíocht liom tar éis na doiciméid ábhartha uile a bheith faighte sa Roinn. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar chur i gcrích an phróisis párolla agus má sheoltar an doiciméad seo ar ais mar gheall go bhfuil sí neamhiomlán, ní íocfar tuarastal liom go dtí go mbeidh foirm atá comhlánaithe ina hiomláine faighte agus próiseáilte ag an Roinn.

Síniú an Mhúinteora:

Dáta:

## Seiciosta agus Dearbhú an Phríomhoide/an Chathaoirligh

Sula gcuireann tú an doiciméad seo ar ais caithfidh tú an méid seo a leanas a dheimhniú:

- Tá conradh scríofa fostaíochta sínithe ag an dá pháirtí agus tá an conradh sin á choinneáil sa scoil agus tá cóip de tugtha don mhúinteoir.
- Glacaim leis go bhfuil sé de dhualgas ar an údarás scoile a chinntiú go bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe i gceart chun gur féidir tuarastal agus liúntais a íoc, nuair is infheidhme, leis an gceapaí.
- Tá sé deimhnithe agam go bhfuil an ceapaí atá beartaithe cláráithe faoi láthair leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Maidir le conarthaí nua ar théarma seasta bliana atá á dtairiscint don scoilbhliain 2023/24, nó maidir le conradh nua tréimhse éiginnte, deimhním gur comhlónadh téarmaí Chiorclán 0023/2015.
- Tá deimhniú oiriúnachta le dul i mbun teagaisc faighte agam ón tSeirbhís Sláinte Ceirde i dtaca leis an gceapaí seo atá beartaithe.
- Deimhním go bhfuil cáilíochtaí atá oiriúnach do chuspóir an phoist ag an gceapaí beartaithe agus go sásaíonn sé/sí na critéir dá bhfuil sé/sí beartaithe (Féach Ciorclán 31/2011, Ciorclán 25/2013 & Ciorclán 52/2013).
- Deimhním go bhfuil ceanglais na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, agus Chiorclán 0031/2016 maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána comhlíonta maidir leis an gceapaí seo atá beartaithe.
- Deimhním go bhfuil an ceapachán seo i gcomhréir le téarmaí Chiorclán 0006/2023 Socruithe um Sholáthar Foirme i mBunscoileanna don scoilbhliain 2023/2024. Deimhnigh thíos, le do thoil, gur sásáiodh na ceisteanna go léir, go nglacann tú leis go bhfuil sé de dhualgas ar an scoil a chinntiú go bhfuil an fhoirm seo comhlánaithe i gceart chun gur féidir tuarastal agus liúntais a íoc leis an gceapaí seo agus go bhfuil na codanna ábhartha uile den doiciméad seo comhlánaithe agus go bhfuil na sonraí atá iontu fíor agus cruinn.

Ar tógadh an Múinteoir seo ó Phainéal Ath-ímlonnaithe Tógadh Níor tógadh

- Murar tógadh, sonraigh an chúis, le do thoil.

Síniú:

Dáta:

(Príomhoide / Cathaoirleach  
an Bhoird Bainistíochta)

*I gcás go bhfuil Príomhoide á c(h)earpadh, cinntigh, le do thoil, go síneoidh an múinteoir an fhoirm agus go ndéanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta í a chomhshíniú.*

## Is d'Úsáid na Roinne Oideachais Amháin an Chuid Thíos:

			Eisiúint Pá :
Cineál Conartha	Buan <input type="checkbox"/> Seal <input type="checkbox"/> PAR/RPT <input type="checkbox"/> CTÉ/CID <input type="checkbox"/>		Ceapachán ón bPainéal <input type="checkbox"/>
Iolraitheoir Pá		Dáta Deiridh: (Más infheidhme)	
Dáta Tosaigh an Chonartha:		Cláráithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta	Dáta Cáilithe: Bealach:
Leithdháileadh Foirme		Poist Líonta go dtí Seo	
Cód Poist agus Pointe ar an Scála (0008/2228)		Scála Pá athbhreithnithe ar an: Dáta /Nua Incriminte:	
Liúntais (más ann dóibh) Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach (Pointe an Phoist)		Dáta Tosaigh: Dáta	

		Deiridh:	
<b><u>Nótaí Eile:</u></b>			
<b>Arna Phróiseáil Ag:</b>		<b>Dáta</b>	
<b>Arna sheiceáil ag:</b>		<b>Dáta</b>	